# InteliLite NT®

# Operator Guide



# AMF Chomhéadan an Oibreora




CNAIPÍ RIALAITHE AN GEN-SET

| SUÍOMH | CNAIPE | CUR SÍOS |
|---|---|---|
| 1 |   | An cnaipe **TOSAIGH**. Oibríonn sé seo sa mhodh LÁMH amháin. Brúigh an cnaipe seo chun an t-inneall a thosú. |
| 2 |   | An cnaipe **STOP**. Oibríonn sé seo sa mhodh LÁMH amháin. Brúigh an cnaipe seo chun stop a chur leis an gen-set. Má bhrúitear an cnaipe arís agus arís eile nó má choinnítear thíos é ar feadh breis is 2s, cuirtear deireadh leis an stopadh reatha (amhail fuarú) agus leanann an chéim bhabhta eile ar aghaidh. |
| 3 |   | An cnaipe **ATHSHOCRÚ LOCHTA**. Úsáid an cnaipe seo chun aláraim a aithint agus chun an adharc a mhúchadh. Múchfar na haláraim neamhghníomhacha ar an bpointe boise agus athrófar stádas na n-aláram gníomhach go dtí "daingnithe", ionas go múchfar iad chomh luath is a imíonn na fáthanna atá leo. |
| 4 |   | An cnaipe **ATHSHOCRÚ ADHAIRCE**. Úsáid an cnaipe seo chun an adharc a mhúchadh, gan na haláraim a aithint. |
| 5 |   | An cnaipe **MODH AR CLÉ**. Úsáid an cnaipe seo chun an modh a athrú. Ní bhíonn an cnaipe ag oibriú ach amháin má bhíonn an príomhscáileán le táscaire an mhodha roghnaithe ar taispeáint.<br>**TABHAIR FAOI DEARA:**<br>Ní oibreoidh an cnaipe seo má bhíonn modh an rialtóra á shárú ag ionchur dénártha, amhail iad seo: MÚCHTA Cianrialaithe, LÁMH Cianrialaithe, UATH Cianrialaithe, TRIAIL Cianrialaithe. |

| | | |
|---|---|---|
| 6 |  | An cnaipe **MODH AR DHEIS**. Úsáid an cnaipe seo chun an modh a athrú. Ní bhíonn an cnaipe ag oibriú ach amháin má bhíonn an príomhscáileán le táscaire an mhodha roghnaithe ar taispeáint.<br>**TABHAIR FAOI DEARA:**<br>Ní oibreoidh an cnaipe seo má bhíonn modh an rialtóra á shárú ag ionchur dénártha, amhail iad seo: MÚCHTA Cianrialaithe, LÁMH Cianrialaithe, UATH Cianrialaithe, TRIAIL Cianrialaithe. |
| 7 | I / 0 | An cnaipe **GCB**. Oibríonn sé sna modhanna LÁMH agus TRIAIL amháin. Brúigh an cnaipe seo chun an GCB a oscailt nó a dhúnadh de láimh. Tabhair faoi deara gur gá do chúinsí áirithe a bheith i bhfeidhm, nó cuirtear cosc ar dhúnadh an GCB. |
| 8 | I / 0 | An cnaipe **MCB**. Oibríonn sé seo sna modhanna LÁMH agus TRIAIL amháin. Brúigh an cnaipe seo chun an MCB a oscailt nó a dhúnadh de láimh.<br>**AIRE!**<br>Is féidir leat an t-ualach a dhícheangal den soláthar príomhlíonra leis an gcnaipe seo! Bí cinnte go bhfuil fios maith agat céard atá tú ar tí a dhéanamh! |

## TASCAIRÍ OIBRITHE AN GEN-SET

| SUÍOMH | CUR SÍOS TÁSCAIRE |
|---|---|
| 9 | **Cliseadh an Gen-set**. Tosaíonn LED dearg ag splancadh nuair a chliseann ar an gen-set. Tar éis don chnaipe ATHSHOCRÚ LOCHTA a bheith brúite, bíonn solas leanúnach ann (má tá aláram gníomhach ann go fóill) nó múchtar é (mura bhfuil aon aláram gníomhach ann). |
| 10 | **Voltas an Gen-set CEART GO LEOR**. Bíonn LED glas lasta nuair a bhíonn voltas an ghineadóra ann agus é taobh istigh de na teorainneacha. |
| 11 | **GCB AR SIÚL**. Bíonn an LED glas lasta, nuair a bhíonn an GCB dúnta. Bíonn sé á stiúradh ag aschur DÚN/OSCAIL GCB (AMF 8/9) nó ag comhartha aischothaithe GCB (AMF 20/25). |
| 12 | **MCB AR SIÚL**. Bíonn an LED glas lasta nuair a bhíonn an MCB dúnta. Bíonn sé á stiúradh ag aschur DÚN/OSCAIL MCB (AMF 8/9) nó ag comhartha aischothaithe MCB (AMF 20/25). |
| 13 | **Voltas príomhlíonra CEART GO LEOR**. Bíonn an LED glas lasta nuair a bhíonn an príomhlíonra ann agus é taobh istigh de na teorainneacha. |
| 14 | **Cliseadh an phríomhlíonra** . Tosaíonn an LED dearg ag splancadh nuair a bhraitear cliseadh an phríomhlíonra agus tar éis don gen-set tosú, bíonn sé ar lasadh go buan go dtí go leigheastar cliseadh an phríomhlíonra. |

## TAISPEÁINT AGUS CNAIPÍ RIALAITHE

| SUÍOMH | CNAIPE | CUR SÍOS |
|---|---|---|
| 15 | | Taispeáint ghrafach D/B, 128x64 picteilín |
| 16 |  | An cnaipe **LEATHANACH**. Úsáid an cnaipe seo chun leathanaigh thaispeána a chasadh. Féach an chaibidil ar Scáileáin Taispeána agus Struchtúr na Leathanach thíos faoin tábla seo, le haghaidh tuilleadh sonraí. |
| 17 |  | An cnaipe **SUAS**. Úsáid an cnaipe seo chun luach a bhogadh suas nó a mhéadú. |
| 18 |  | An cnaipe **SÍOS**. Úsáid an cnaipe seo chun luach a bhogadh síos nó a laghdú. |
| 19 |  | An cnaipe **CUIR ISTEACH**. Úsáid an cnaipe seo chun bailchríoch a chur ar eagar pointe shocraithe nó ar bhogadh ar dheis ar an leathanach staire. |

# MRS Chomhéadan an Oibreora




### CNAIPÍ RIALAITHE AN GEN-SET

| SUÍOMH | CNAIPE | CUR SÍOS |
|---|---|---|
| 1 |  | An cnaipe **TOSAIGH**. Oibríonn sé seo sa mhodh LÁMH amháin. Brúigh an cnaipe seo chun an t-inneall a thosú. |
| 2 |  | An cnaipe **STOP**. Oibríonn sé seo sa mhodh LÁMH amháin. Brúigh an cnaipe seo chun stop a chur leis an gen-set. Má bhrúitear an cnaipe arís agus arís eile nó má choinnítear thíos é ar feadh breis is 2s, cuirtear deireadh leis an stopadh reatha (amhail fuarú) agus leanann an chéim bhabhta eile ar aghaidh. |
| 3 |  | An cnaipe **ATHSHOCRÚ LOCHTA**. Úsáid an cnaipe seo chun aláraim a aithint agus chun an adharc a mhúchadh. Múchfar na haláraim neamhghníomhacha ar an bpointe boise agus athrófar stádas na n-aláram gníomhach go dtí "daingnithe", ionas go múchfar iad chomh luath is a imíonn na fáthanna atá leo. |
| 4 |  | An cnaipe **ATHSHOCRÚ ADHAIRCE**. Úsáid an cnaipe seo chun an adharc a mhúchadh, gan na haláraim a aithint. |
| 5 |  | An cnaipe **MODH AR CLÉ**. Úsáid an cnaipe seo chun an modh a athrú. Ní bhíonn an cnaipe ag oibriú ach amháin má bhíonn an príomhscáileán le táscaire an mhodha roghnaithe ar taispeáint.<br>**<u>TABHAIR FAOI DEARA:</u>**<br>Ní oibreoidh an cnaipe seo má bhíonn modh an rialtóra á shárú ag ionchur dénártha, amhail iad seo: MÚCHTA Cianrialaithe, LÁMH Cianrialaithe, UATH Cianrialaithe. |

| | | |
|---|---|---|
| 6 |  | An cnaipe **MODH AR DHEIS**. Úsáid an cnaipe seo chun an modh a athrú. Ní bhíonn an cnaipe ag oibriú ach amháin má bhíonn an príomhscáileán le táscaire an mhodha roghnaithe ar taispeáint.<br>**TABHAIR FAOI DEARA:**<br>Ní oibreoidh an cnaipe seo má bhíonn modh an rialtóra á shárú ag ionchur dénártha, amhail iad seo: MÚCHTA Cianrialaithe, LÁMH Cianrialaithe, UATH Cianrialaithe. |
| 7 |  | An cnaipe **GCB**. Oibríonn sé sna modhanna LÁMH agus TRIAIL amháin. Brúigh an cnaipe seo chun an GCB a oscailt nó a dhúnadh de láimh. Tabhair faoi deara gur gá do chúinsí áirithe a bheith i bhfeidhm, nó cuirtear cosc ar dhúnadh an GCB. |

## Tascairí Oibrithe an Gen-set

| Suíomh | Cur Síos Táscaire |
|---|---|
| 8 | **Cliseadh an Gen-set**. Tosaíonn LED dearg ag splancadh nuair a chliseann ar an gen-set. Tar éis don chnaipe ATHSHOCRÚ LOCHTA a bheith brúite, bíonn solas leanúnach ann (má tá aláram gníomhach ann go fóill) nó múchtar é (mura bhfuil aon aláram gníomhach ann). |
| 9 | **Voltas an Gen-set CEART GO LEOR**. Bíonn LED glas lasta nuair a bhíonn voltas an ghineadóra ann agus é taobh istigh de na teorainneacha. |
| 10 | **GCB AR SIÚL**. Bíonn an LED glas lasta, nuair a bhíonn an GCB dúnta. Bíonn sé á stiúradh ag aschur DÚN/OSCAIL GCB (MRS 3/4/10/15) nó ag comhartha aischothaithe GCB (MRS 11/16). |

## Taispeáint agus Cnaipí Rialaithe

| Suíomh | Cnaipe | Cur Síos |
|---|---|---|
| 11 |  | An cnaipe **LEATHANACH**. Úsáid an cnaipe seo chun leathanaigh thaispeána a chasadh. Féach an chaibidil ar Scáileáin Taispeána agus Struchtúr na Leathanach thíos faoin tábla seo, le haghaidh tuilleadh sonraí. |
| 12 |  | An cnaipe **SUAS**. Úsáid an cnaipe seo chun luach a bhogadh suas nó a mhéadú. |
| 13 |  | An cnaipe **SÍOS**. Úsáid an cnaipe seo chun luach a bhogadh síos nó a laghdú. |
| 14 |  | An cnaipe **CUIR ISTEACH**. Úsáid an cnaipe seo chun bailchríoch a chur ar eagar pointe shocraithe nó ar bhogadh ar dheis ar an leathanach staire. |
| 15 | | Taispeáint ghrafach D/B, 128x64 picteilín |

## *Scáileáin Taispeána agus Struchtúr na Leathanach*

Bíonn an t-eolas a bhíonn ar taispeáint struchtúrtha ina "leathanaigh" agus ina "scáileáin". Úsáid an cnaipe LEATHANACH chun na leathanaigh a chasadh.

1. Is ionann an leathanach *Tomhas* agus scáileáin ar a léirítear luachanna tomhaiste amhail voltais, sruth, brú ola srl., luachanna ríomhairithe amhail .i. cumhacht gen-set, sonraí straidrimh agus an liosta aláram ar an scáileán deireanach.
2. Ar an leathanach darb ainm *Pointí Socraithe*, tá na pointí socraithe go léir ar fáil agus iad eagraithe de réir grúpaí, chomh maith le grúpa speisialta ina gcuirtear pasfhocail.
3. Léiríonn an leathanach darb ainm *Loga staire*, an loga staire sa chaoi go mbíonn an taifead deireanach ar taispeáint ar dtús.




**TABHAIR FAOI DEARA:**
Ní bhíonn na leathanaigh darb ainm **Stair** agus **Pointí Socraithe** ar fáil, ach amháin nuair a roghnaíonn tú an comhéadan darb ainm **Innealtóir** (ní Úsáideoir).
Féach an fho-chaibidil thíos ar **Scáileán Eolais an Rialtóra**.
**Ní bhíonn** an Loga Staire ar fáil in InteliLite MRS 3, 4, 10, 11 agus AMF 8, 9, 20.

## Aláraim




## Brabhsáil Aláraim ECU



## *Athrú Pointe Shocraithe*




**<u>TABHAIR FAOI DEARA:</u>**
**Ní féidir an pointe socraithe a athrú?**
Bíonn pointí socraithe a mbíonn réiltín leo á gcosaint ag pasfhocal. Cuir isteach an pasfhocal mar atá sonraithe sa chaibidil *Cur Isteach an Phasfhocail* thíos.

## *Cur Isteach an Phasfhocail*




**<u>TABHAIR FAOI DEARA:</u>**
**Pasfhocal caillte?**
Léirigh an scáileán eolais ar a bhfuil an tsraithuimhir agus uimhir dhíchódaithe an phasfhocail, mar atá luaite sa chaibidil thíos agus seol iad go dtí an dáileoir áitiúil.

## *Scáileán Eolais an Rialtóra*




## *Athrú Chodarsnacht na Taispeána*

